Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5208/26**

**AG 3**
**INST 6**
**PE 2**
**FIN 79**
**DATAPROTECT 15**
**DISINFO 2**
**FREMP 4**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 11 final |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 5.1.2026 maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 11 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 11 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.1.2026
C(2026) 11 final

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.1.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.1.2026**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh[1], agus go háirithe Airteagal 6(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Nollaig 2025 rinneadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Eitic, Trédhearcacht agus Sláine le haghaidh Páirtithe Polaitiúla san Eoraip' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Tagann an iarraidh sin sna sála ar an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Eitic agus Trédhearcacht le haghaidh Rialachas Freagrach Eorpach' a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Samhain 2025.

(3) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 7 Samhain 2025, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa d'eagraithe, trí litir dar dáta an 3 Nollaig 2025 (C(2025) 8400 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, nár chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788. Go háirithe, níl aon chumhacht ag an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun caighdeáin a thabhairt isteach maidir le hiarrthóirí a roghnú do Pharlaimint na hEorpa.

(4) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún na heagraithe ar an eolas de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(5) An 5 Nollaig 2025, chuir an grúpa d'eagraithe tionscnamh leasaithe isteach.

(6) Is é is aidhm don tionscnamh leasaithe, mar a chuir na heagraithe in iúl é, 'samhail Eorpach de rialachas eiticiúil a cheapadh bunaithe ar thrédhearcacht, ar shláine agus ar

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj

fhreagracht chomhroinnte'. Chuige sin, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún 'gníomh reachtach a mholadh lena leasófar agus lena ngéarófar ar Rialachán (AE) Uimh. 1141/2014 maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus lena dtabharfar isteach ceanglais níos déine i ndáil leis an méid seo a leanas': 'ionracas, agus coinbhleachtaí leasa a chosc'; 'trédhearcacht inmheánach agus trédhearcacht na bpróiseas cinnteoireachta'; 'freagracht eiticiúil na gcomhlachtaí cinnteoireachta'; 'foilsiú na gcritéar roghnúcháin agus na nósanna imeachta inmheánacha a úsáidtear nuair a roghnaíonn páirtithe agus fondúireachtaí ionadaithe'; 'sásraí chun seiceálacha tráthrialta a dhéanamh ar iompar mí-eiticiúil'; 'gan maoiniú poiblí Eorpach a fháil ach ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sin ar bhealach infhíoraithe'. In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh leasaithe, tugtar tuilleadh sonraí maidir lena chúlra, leis an ábhar atá ann agus leis na cuspóirí a bhaineann leis.

(7) Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé togra a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014, maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha[2], chun ceanglais níos déine a thabhairt isteach maidir le rialachas páirtithe polaitiúla Eorpacha.

(8) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(9) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(10) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(11) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha' a chlárú.

(13) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa

[2] Le Rialachán (AE, Euratrom) 2025/2445 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014; dáta do ghabháil éifeachta: an 28 Nollaig 2025.

d’eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal ‘Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha’.

*Airteagal 2*

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d’eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal ‘‘Eitic, Trédhearcacht agus Sláine do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha’, grúpa a bhfuil Gian Elio DE MARCO agus Jean-Pierre SAULNIER ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.1.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Maroš ŠEFČOVIČ*
*Comhalta den Choimisiún*